


FÓRAM AN TIONSCNAMH EORPACH Ó NA SAORÁNAIGH

Conas d'fhoireann le haghaidh
tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh a
struchtúró



LEARN - DISCUSS - CONNECT - SEEK ADVICE

An fáth a bhfuil foireann dea-struchtúrtha ríthábhachtach chun go n-éireoidh le tionscnamh

Éilítear le feachtais an tionscnaimh Eorpaigh ó na saoránaigh (TES) **comhordú trasnáisiúnta, cumarsáid shoiléir, agus struchtúr marthanach**. Is éard atá i gceist le feachtas TES a réachtáil feachtais iomadúla ar an leibhéal náisiúnta a chomhordú, feachtais atá saincheaptha don réigiún sonrach sin ó thaobh na teachtaireachta de. Le foireann dea-struchtúrtha, dea-bheachtaithe, féadfar feachtas a mhéadú, freagairt go hiomchuí ar tharlúintí gan choinne, deiseanna a thiocfaidh chun cinn a uasmhéadú, agus móiminteam a choinneáil ar bun.

Féadfaidh tú cinneadh a dhéanamh d'fheachtas a dhílárú, agus d'fhéadfadh an méid sin treoir a thabhairt don straitéis fhoriomlán.

- Déan do mhachnamh ar **dheiseanna trasnáisiúnta a shaothrú**, comhordú ar fud an Aontais a spreagadh, agus comhlíonadh dlí a chinntiú.
- Lena linn sin, cuirfidh foirne náisiúnta straitéis feachtais i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil, **á cur in oiriúint don chomhthéacs réigiúnach** trí theachtaireachtaí a shaincheapadh agus trí iarracht a stiúradh chun sínithe a bhailiú ar an láthair.
- Tá **róil, freagrachtaí agus cúraimí soiléire** ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta araon ríthábhachtach chun go bhfeidhmeoidh TES go héifeachtach thar theorainneacha agus chun go mbeidh tionchar marthanach aige.

Tús a chur ón tús

Má tá feachtas á fhorbairt agat ón mbun aníos, **smaoinigh ar ghníomhaithe nó feachtasóirí a bhfuil taithí acu a earcú**. Tá saineolas feachtasóirí a bhfuil taithí acu maidir le slógadh sibhialta **ríthábhachtach le haghaidh feachtas trasnáisiúnta** cosúil le TES. Tuiscint a fháil ar na castachtaí a bhaineann le rannpháirtíocht pobal éagsúil agus dul i ngleic le dinimic trasteorann, d'fhéadfadh siad an difear ar fad a dhéanamh. Cuideoidh an taithí atá acu chun straitéis a chuíchóiriú, am oiliúna a íoslaghdú, agus cinnteoidh sé gur féidir le d'fhoireann dul i ngleic go héifeachtach leis na dúshlán uathúla a bhaineann le TES.

Ach ceann de na rudaí is tábhachtaí ná tús a chur leis go straitéiseach, cuir i gcás príomhróil a ainmniú de réir spriocanna d'fheachtais.

Nod ó na heagraithe

D'earcaigh eagraithe an tionscnaimh '*PsychedeliCare*' cuid mhór dá bhfoireann ó ghairmithe sa tsíceolaíocht, sa tsíciatracht, sa leigheas agus sa taighde. Ní raibh taithí ag go leor acu ar an ngníomhaíocht ach bhí **saineolas domhain acu ar an ábhar**. Bhí an cúlra sin **luachmhar do chreidiúnacht, forbairt ábhair agus for-rochtain** laistigh dá réimse. Ag an am céanna, molann siad d'eagraithe TES a bheidh ann amach anseo ról gníomhach a thabhairt do ghníomhaithe a bhfuil taithí acu nuair is féidir, toisc gur féidir leis sin cuidiú chun comhordú a chuíchóiriú, am ionduchtúcháin a laghdú, agus struchtúr an fheachtais a neartú ón tús.

Forbairt a dhéanamh ar eagraíochtaí atá ann cheana

Ach forbairt a dhéanamh ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) atá ar an bhfód cheana féin, cuirfear buntáistí ar fáil cuir i gcás **líonraí atá ann cheana, acmhainneacht riaracháin,aineolas agus creidiúnacht**. Is féidir leis sin **for-rochtain, tiomsú airgid agus tuilleadh foirmithe comhpháirtíochta a éascú**, agus d'fhéadfadh sé **comhghuaillíocht uile-Aontais** a bhunú chun TES a shlógadh.

Nod ó na heagraithe

D'éirigh le heagraithe an tionscnaimh '*Mo Ghuth, Mo Rogha*' a bhfoireann feachtais a earcú ó eagraíocht neamhrialtasach atá lonnaithe sa tSlóivéin. Thug sé sin rochtain láithreach dóibh ar bhonneagar cumarsáide agus ar lucht spéise a bhí ann cheana, rud a chuidigh leo tuilleadh ball foirne a earcú go tapa agus a rochtain thar theorainneacha a leathnú.

Foireann thrasnáisiúnta a bhainistiú

Bíonn dúshláin dhosheachanta ann ó thaobh na teanga, an chultúir agus na lóistíochta de agus foireann TES á comhordú i dtíortha éagsúla.

- Tá **cumarsáid shoiléir agus solúbthacht** ríthábhachtach chun foirne idirnáisiúnta a choinneáil ailínithe.
- Déan cinnte de go bhfuil **gach ábhar feachtais simplí agus inrochtana**, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca do bhaill foirne ar fud tíortha é a thuiscint agus a chur in oiriúint.
- Smaoinigh ar **chomhordaitheoirí cumarsáide náisiúnta a cheapadh** i do spriocdhíortha ar féidir leo an iarracht a stiúradh chun a chinntiú go mbeidh an t-ábhar uile saincheaptha **le go rachaidh sé i gcion ar lucht spéise áitiúil**. Ba cheart don duine sin oibriú le huirilísí iontaofa aistriúcháin nó le cainteoirí dúchais chun a chinntiú go mbeidh príomhdhoiciméid agus teachtaireachtaí feachtais ag teacht leis an teachtaireacht fhoriomlán, agus comhsheasmhacht á cinntiú i ngach réimse agus difríochtaí réigiúnacha á n-urramú ag an am céanna.

Foirne náisiúnta a bhainistiú

Smaoinigh ar ábhair a chur ar fáil, cuir i gcás forléargais feachtais, íomhánna, treoirlínte, agus teachtaireachtaí samplacha is féidir a scaipeadh trí líonraí atá ann cheana ar mhaithe le teagmháil a dhéanamh le baill foirne agus oibrithe deonacha nua a d'fhéadfadh a bheith ann.

- Ach **pointe iontrála simplí tacúil a thairiscint**, cuideofar chun muinín a chothú as obair d'fhoirne agus laghdófar an bhacainn a bhainfidh le páirt a ghlacadh san fheachtas.

Nod ó na heagraithe

Chun foirne náisiúnta a fhorbairt, chuaigh eagraithe an tionscnaimh '*PsychedeliCare*' i dteagmháil le heagraíochtaí comhpháirtíochta ar dtús, agus d'iarr siad tacaíocht chun oibrithe deonacha a raibh spéis acu sa réimse a aimsiú i dtíortha éagsúla. Chuidigh na heagraíochtaí sin chun an glao a scaipeadh trína gcainéil ar na meáin shóisialta agus trína nuachtlitreacha. Chruthaigh an feachtas foirm theagmhála ar an suíomh gréasáin freisin. Ar an gcaoi sin, bhí daoine a raibh spéis acu ann ábalta suim a léiriú go héasca ach a dtír a chur in iúl, rud a chuidigh chun cuíchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas chun oibrithe deonacha a mheaitseáil le riachtanais foirne náisiúnta.

D'fhéadfadh na ról seo a leanas, mar shampla, a bheith ar ghnáthfhoireann náisiúnta:

- **comhordaitheoir náisiúnta** a bheidh freagrach as páirtithe leasmhara áitiúla a mhapáil
- **cruthaitheoir ábhair** a chuirfidh ábhair feachtais in oiriúint don chomhthéacs náisiúnta
- **comhordaitheoir oibrithe deonacha** a mbeidh sé de chúram air tacadóirí breise a earcú agus a spreagadh

Ach foirne feachtais agus ról chomhchosúla a mhacasamhlú thar na foirne náisiúnta uile, cuideofar chun comhsheasmhacht a chothú ar fud an fheachtais, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca é a bhainistiú agus a mhéadú.

Uirlisí agus bogearraí comhordúcháin

Braitheann comhordú éifeachtúil mar chuid d'fheachtas TES go mór ar **úsáid chliste uirlisí digiteacha**.

- Is féidir cumarsáid a **chuíchóiriú trí aipeanna teachtaireachtaí** amhail WhatsApp nó Signal lenar féidir grúpaí a chruthú go héasca.

Nod ó na heagraithe

Bhain eagraithe an tionscnaimh *'PsychedeliCare'* úsáid mhór as pobail ar WhatsApp mar uirlis lárnach don chumarsáid inmheánach, rud a chuir ar a gcumas nascadh go héifeachtúil le hoibrithe deonacha ar fud an Aontais. Chruthaigh siad grúpa tiomnaithe do chomhordaitheoirí náisiúnta, lenar cumasaíodh sreabhadh tapa eolais, comhordú tascanna, agus comhar trasteorann. Seo a leanas comhairle níos leithne uathu le haghaidh feachtais eile: **roghnaigh uirlisí cumarsáide a bhfuil cur amach ag oibrithe deonacha orthu cheana féin** chun comhordú a choinneáil réidh cuimsitheach.

- Cabhróidh **uirlisí le haghaidh comhar amhairc** amhail Miro nó cláir bhána eile ar líne le foirne smaointe a chruthú agus oibriú tríothu. Chun **cúraimí agus sreafaí oibre a bhainistiú**, tá ardáin amhail Trello, Notion, nó Slack an-éifeachtach chun freagrachtaí a shannadh, dul chun cinn a rianú, agus trédhearcacht a chinntiú.

Nod ó na heagraithe

D'fhorbair eagraithe an tionscnaimh *'Cuirtear deireadh le físchluichí a scríosadh'* pobal Discord le breis agus 4,000 oibrí deonach ann, rud a chuir ardán ar fáil lena úsáid **chun tacaíocht a shlógadh go tapa nuair a bhí gá leis**. Le Discord freisin, cuirtear ar chumas feachtas tíortha agus láidreachtaí oibrithe deonacha a mhapáil, tionchairí áitiúla a shainiú, agus iarrachtaí agus gníomhaíochtaí mearfhreagartha a eagrú.

Cé nach bhfuil a shárú ag luach acmhainní daonna, is féidir le **huirlisí IS a bheith ina róbó-chúntóirí luachmhara** trí ghníomhú go héifeachtach mar bhall sonrach d'fhoireann an fheachtais.

- Mar shampla, ar ChatGPT, is féidir leat do **shamhail shaincheaptha GPT féin a fhorbairt atá saincheaptha do d'fheachtas**, oilte chun treoirínite, tuin, agus comhsheasmhacht branda d'fheachtais a leanúint chun tacú le straitéis feachtais, comhpháirtithe féideartha a mhapáil, cuidiú le rannpháirtíocht oibrithe deonacha, agus cabhrú le sceidealú agus pleanáil.
- Is féidir le **huirlisí eagarthóireachta físe agus giniúna íomhánna** amhail Runway agus Midjourney cuidiú chun an próiseas cruthaitheach a chuíchóiriú agus meáin ar ardchaighdeán a

tháirgeadh lena n-úsáid le haghaidh rannpháirtíocht ar na meáin shóisialta, ábhair feachtais, nó scéalaíocht amhairc.

- Is féidir le **huirlisí aistriúcháin** amhail DeepL cabhrú chun ábhair feachtais a logánú go teangacha éagsúla.

Nuair a bhaintear úsáid stuama astu agus i gcás nach bhfuil teacht ar chúnamh daonna, **cuideoidh arduirlisí IS chun acmhainní agus am a shábháil** chun díriú ar straitéis agus ar fhorbairt líonraí.

Roinnt na hoibre: an leibhéal Eorpach agus an leibhéal náisiúnta

Braitheann gné shuntasach de rath fheachtas TES ar an gcumas comhar cuimsitheach a fhorbairt lena gcomhtháthófar saineolas ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta. Seo roinnt moltaí faoin gcaoi ar féidir le d'fheachtas foirne éifeachtacha a struchtúru agus oibriú ar bhealach comhordaithe.

Nod ó na heagraithe

Thug eagraithe an fheachtais '*Mo Ghuth, Mo Rogha*' tús áite d'**féiniúlacht bhranda láidir chomhsheasmhach a fhorbairt ar fud na bhfoirne náisiúnta uile**. Chinntigh an chroífhóireann sa tSlóivéin gur lean teachtaireachtaí, íomhánna agus stíl feachtais de bheith aontaithe ar fud tíortha éagsúla, agus ag an am céanna, chuir siad ar chumas foirne náisiúnta **an t-ábhar a chur in oiriúint beagán do réaltachtaí áitiúla**. Leis an gcomhsheasmhacht sin, neartaíodh **aitheantas** feachtais, cothaíodh **muinín** i measc lucht tacaíochta, agus cuidíodh chun **guth comhleanúnach a choinneáil thar theorainneacha**.

Anseo thíos tá ról choiteanna a chuideoidh chun freagrachtaí a shoiléiriú agus comhar rianúil a chothú laistigh de struchtúr feachtais trasnáisiúnta.

Ról a d'fhéadfadh a bheith ag foireann agus fofhoirne ar an leibhéal Eorpach:

- **Foireann Beartais:** Seasamh polaitiúil an fheachtais a fhorbairt, faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí reachtacha an Aontais, chomh maith le hidirchaidreamh le lucht ceaptha beartas.
- **Príomh-Chomhordaitheoir:** Maoirseacht a dhéanamh ar an bhfeachtas, cinnte a dhéanamh de go n-oibreoidh gach cuid i sinc, agus a bheith mar phríomhphointe cuntasachta.

- **Cumarsáid, Caidreamh Poiblí agus na Meáin Shóisialta:** Insint phoiblí an fheachtais a mhúnlú, an caidreamh leis an bpreas agus for-rochtain na meán a bhainistiú, maoirseacht a dhéanamh ar straitéis na meán sóisialta, agus cur le hinfheictheacht bhranda an fheachtais.
- **Cruthaitheoir Ábhair:** Ábhar digiteach tarraingteach a chruthú lena gcuirfear teachtaireacht an fheachtais chun cinn lena úsáid ar ardáin ar líne, arb é is aidhm dó teagmháil a mhéadú, rannpháirtíocht a spreagadh, agus acmhainneacht mhearscaipthe a chruthú.

Nod ó na heagraithe

Bhí láithreacht spreagúil ag an tionscnamh *'Mo Ghuth, Mo Rogha'* ar na meáin shóisialta ríthábhachtach chun go n-éireodh leis. Bhí a n-ardáin ar líne ina mol nuachta agus faisnéise maidir leis an daonlathas agus saincheistanna a bhaineann le cearta bunúsacha, agus bhí tóir ar na hardáin i ngeall ar a bhfreagairt tapa ar imeachtaí domhanda. Ach ábhar luachmhar a chomhroinnt go comhsheasmhach, chuaigh siad i bhfeidhm ar a lucht tacaíochta agus d'éirigh leo an glao chun a TES a shíniú a shní isteach go nádúrtha san ábhar, rud a choinnigh móiminteam agus a d'fhorbair pobal a bhí ar son a gcúise.

- **Foireann Dlí:** Comhairle a thabhairt maidir le ceanglais dhlíthiúla an Aontais agus ceanglais dhlíthiúla náisiúnta, téarmaí agus séantaí a dhréachtú, agus comhlíonadh RGCS a chinntiú.
- **Foireann Eolaíochta agus Saineolaithe:** Taighde cúlra a dhéanamh,aineolas eolaíoch nó teicniúil a chur ar fáil, ábhair fhianaise-bhunaithe a dhréachtú, agus tacú le habhcóideacht le cumarsáid phoiblí chruinn inchreidte i ndlúthchomhar le caidreamh poiblí.
- **Foireann Tiomsaithe Airgid:** Deiseanna maoiniúcháin a shainaithint, iarratais ar dheontais a dhréachtú, an caidreamh le deontóirí agus buiséadú feachtais a bhainistiú.
- **Foireann Forbartha Comhghuaillíochta:** Teagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus le comhpháirtithe féideartha, agus caidreamh a choinneáil ar bun le heagraíochtaí comhghuaillithe.
- **Foireann Theicniúil/TF:** An suíomh gréasáin a bhainistiú, agus an tslándáil dhigiteach a chinntiú.
- **Foireann Riaracháin:** Lóistíocht feachtais a phleanáil agus a chur i gcrích, imeachtaí a bhainistiú, taisteal a chomhordú, agus ábhar a sheoladh ina measc.
- **Bainistiú Oibrithe Deonacha:** Oibrithe deonacha nua a ionduchtú, seisiúin oiliúna a eagrú, folláine agus spreagadh na foirne a chinntiú.

Róil a d'fhéadfadh a bheith ag foireann agus fofhoirne ar an leibhéal náisiúnta:

- **Comhordaitheoir Náisiúnta:** A bheith mar cheannaire áitiúil, iarrachtaí ar an leibhéal náisiúnta a chomhordú, agus tuairisciú don fhoireann Eorpach.
- **Foireann Imeachtaí agus Gníomhaíochtaí:** Imeachtaí áitiúla a phleanáil, rannpháirtíocht feachtais in imeachtaí poiblí a eagrú.

- **Foireann Cumarsáide agus na Meán Sóisialta:** Teachtaireachtaí do lucht spéise náisiúnta a aistriú agus a chur in oiriúint, ábhar logánta a chruthú, agus ardáin áitiúla a bhainistiú.
- **Foireann Ionduchtúcháin agus Bainistithe Oibrithe Deonacha:** Fáilte a chur roimh bhaill foirne nua agus treoir a thabhairt dóibh maidir lena ról.
- **Foireann Aistriúcháin:** Cinnte a dhéanamh d'ábhar an fheachtais a logánú agus a aistriú go cruinn.
- **Foireann Forbartha Comhghuaillíochta:** Teagmháil a dhéanamh le heagraíochtaí áitiúla, tionchairí agus eagraíochtaí na meán chun tacaíocht a fhorbairt.

D'fhéadfadh forluí a bheith idir ról, agus d'fhéadfadh daoine aonair freagrachtaí iomadúla a ghlacadh orthu féin bunaithe ar a saineolas agus ar a n-infhaighteacht. Mar shampla, d'fhéadfadh Foireann Cumarsáide agus na Meán Sóisialta nascadh le Foireann Imeachtaí agus Gníomhaíochtaí, agus d'fhéadfadh na baill foirne cruthú ábhair agus cur chun cinn imeachtaí araon a láimhseáil. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh foirne cumarsáide agus aistriúcháin a bheith ag obair go dlúth lena chéile agus déileáil le haistriúcháin agus leis na straitéisí is fearr chun teachtaireachtaí a chur in oiriúint do chomhthéacsanna náisiúnta.

Nod ó na heagraithe

Eagraithe an tionscnaimh 'HouseEurope!', d'iarr siad ar gach ball foirne machnamh a dhéanamh ar a mbealach féin chun feasacht a mhúscailt ar an ábhar agus an scéal a insint. Gach seachtain, **bhí a sheal féin ag gach ball foirne i gceannas ar ábhar na meán sóisialta**. Bhí a rud féin le déanamh ag gach duine ar a bhealach féin, rud a chruthaigh iolrachas guthanna agus ábhair a thacaigh le cuspóir an tionscnaimh.

Ionduchtú agus bainistiú oibrithe deonacha

Tá níos mó i gceist le hionduchtú agus bainistiú oibrithe deonacha ná díreach ról a líonadh. Baineann sé le spreagadh agus muintearas a chothú. Chun rannpháirtíocht a spreagadh, d'fhéadfaí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **Cúraimí beaga fiúntacha** a thabhairt d'oibrithe deonacha lena ligfear dóibh rannchuidiú gan a bheith trína chéile.
- Am a thógáil chun a **leasanna agus a láidreachtaí a thuiscint** agus iad a shannadh do ról chun go mothóidh siad úsáideach agus comhlíonta.

- Ach freagracht a spreagadh trí **úinéireacht ról shoiléir, aitheantas poiblí, agus braistint an phobail, cuideofar le hoibrithe deonacha leanúint de bheith rannpháirteach** agus tiomanta le himeacht ama.

Nod ó na heagraithe

Bhí sé d'aidhm ag eagraithe an tionscnaimh '*Cuirtear deireadh le físchluichí a scriosadh*' **oibrithe deonacha a spreagadh chun uair an chloig amháin in aghaidh na seachtaine nó na míosa a thabhairt don fheachtas**. Chuidigh an **cur chuige laghrú sin leis na mílte oibrithe deonacha a choinneáil** agus bhíothas in ann rannpháirtíocht a choinneáil san fheachtas le himeacht ama ar bhealach gan bhac.

Ullmhú géarchéime agus méadú

Ní féidir géarchéimeanna a sheachaint, cuir i gcás baill foirne ag fágáil, teipeanna teicniúla, nó laghdú ar rannpháirtíocht ar na meáin shóisialta. Bí ullamh agus déan aithris ar na cásanna sin.

- **Cuir oiliúint tras-earnála ar bhaill foirne** ionas nach dtitfeadh an fhreagracht as aon chúram amháin ar aon duine amháin.
- Mar shampla, má fhágann Comhordaitheoir Cumarsáide gan choinne, d'fhéadfadh Bainisteoir Meán Sóisialta nó Cruthaitheoir Ábhair cúram an chaidrimh phreasa agus sceidealaithe ábhair a ghlacadh go sealadach.

Nod ó na heagraithe

Leag eagraithe an tionscnaimh '*Mo Ghuth, Mo Rogha*' béim ar **an tábhacht a bhaineann le pleananna teagmhasacha a bheith ann** do phríomhróil. Ach plean a bheith ann roimh ré d'athruithe féideartha ar baill foirne, bhí siad in ann leanúint de bheith solúbtha agus oibríochtaí a choinneáil ag feidhmiú go rianúil nuair a d'aistrigh baill foirne amach gan choinne.

- **Ardáin teicneolaíochta a éagsúlú** agus cúltacaí a ullmhú.

- Mar shampla, má chliseann ar do phríomhshuíomh gréasáin le linn mórshéoladh, d'fhéadfá an lucht tacaíochta a atreorú chuig leathanach tuirlingthe réamhullmhaithe a óstálfá ar fhreastalaí eile.

Nod ó na heagraithe

Cuireadh scáthchosc ar eagraithe an tionscnaimh *'Mo Ghuth, Mo Rogha'* ar na meáin shóisialta tar éis thoghcháin na Stát Aontaithe, rud a laghdaigh go mór a n-infheictheacht ar phríomhardáin. An méid a tharla dóibh, léiríonn sé an tábhacht a bhaineann leis an **athléimneacht dhigiteach**: ná bí ag brath ar aon ardán amháin. Chun fanacht infheicthe, leathnaigh siad a gcuid láithreachta chuig roghanna malartacha amhail Bluesky agus Tumblr. Ach **do chainéil dhigiteacha a éagsúlú** go luath, is féidir cuidiú le for-rochtain a choinneáil ar bun má tharlaíonn sé gan choinne nach féidir brath ar ardán amháin.

- **Urlabhraithe a ainmniú** a bhfuil pointí cainte acu atá réidh le húsáid.
 - Mar shampla, d'fhéadfadh teachtaireacht ghearr thrí phointe a thabhairt do Chomhordaitheoir Feachtais nó do Cheann Cumarsáide chun agallaimh leis na meáin nó ráitis phoiblí gan choinne a láimhseáil. Ba cheart d'fhoireann caidrimh phoiblí na príomhtheachtaireachtaí sin a ullmhú roimh ré, i ndlúthchomhar le Foireann Saineolaithe, chun soiléireacht agus creidiúnacht araon a chinntiú.

Nod ó na heagraithe

Léirigh eagraithe an tionscnaimh *'Cuirtear deireadh le físchluichí a scriosadh'* go bhfuil sé **ríthábhachtach bonn eolasach oibrithe deonacha agus lucht spéise a fhorbairt le haghaidh athléimneacht i gcoinne géarchéime**. Nuair a rinne pearsa tionscail mí-ionadaíocht ar a bhfeachtas, shlóg siad a bpobal go tapa chun páirt a ghlacadh i bplé eolasach, chun míthuiscintí a cheartú, agus chun an staid a iompú droim ar ais agus infheictheacht níos fearr a bhaint amach.

- **Oibrithe deonacha a dheighilt** de réir scile agus infhaighteachta
 - Mar shampla, is féidir cúramaí mearchruthaithe ábhair a shannadh d'oibrithe deonacha a bhfuil cumas deartha acu, agus is féidir leo siúd nach bhfuil mórán ama acu tacú le bailiú sínithe ar laethanta tábhachtacha gníomhaíochta.

Nod ó na heagraithe

Chuir eagraithe an tionscnaimh ‘*Déantar cleachtais tiontúcháin a chosc*’ i dtábhacht go bhfuil scála agus comhsheasmhacht ag teastáil chun algartaim na meán sóisialta a chomhrac. Tá sé ríthábhachtach foireann thiomnaithe cumarsáide agus meán sóisialta a struchtúrú go luath agus postálacha rialta, rannpháirtíocht agus freagairtí tapa a chinntiú chun fanacht infheicthe. Mar a dúirt siad féin, ‘comhrac i gcoinne an algartaim atá ann’.

Is féidir leat ullmhacht d’fhoirne a neartú trí chuairt ar Fhóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh a ionchorprú i do phróiseas oiliúna agus ionduchtúcháin. Mar shampla, tugtar cuireadh do gach foireann TES ag tús a bhfeachtais freastal ar fhíschomhdháil le **saineolaithe Fhóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh**. Ach gach ball foirne a chur ar an eolas faoi dheachleachtais, straitéisí feachtasaíochta agus na hacmhainní TES atá ar fáil, cinnteofar tuiscint chomhroinnte ar riachtanais an tionscnaimh agus feabhsófar éifeachtacht fhoriomlán an fheachtais.

Struchtúr a chumasaíonn straitéis

Tá níos mó i gceist le TES ná sínithe a bhailiú. Baineann sé le heagrúcháin thar theorainneacha, iarrachtaí a ailíniú, agus gluaiseacht inbhuanaithe a fhorbairt a théann níos faide ná céim bailithe na sínithe. Is cuma cé acu cúigear nó caoga duine ar an bhfoireann, **struchtúr soiléir, ról thiomnaithe, cumarsáid inmheánach láidir**, agus an **cumas rudaí a chur in oiriúint**, is iad sin na láidreachtaí is mó atá agat.

Chun bunús láidir a fhorbairt, déan d’fhoireann a spreagadh chun **dul i muinín acmhainní go luath sa phróiseas**, cuir i gcás Fóram an Tionscnaimh Eorpaigh ó na Saoránaigh.

- Uirlisí praiticiúla amhail an bhlaghostáil ar fhíor-leideanna straitéise d’eagraithe feachtais agus taifeadadh an tseimineáir ghréasáin ar struchtúir fheachtas TES, tabharfaidh siad léargas luachmhar ar dheachleachtais, ar dhúshláin choiteanna, agus ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó fheachtasóirí a bhfuil taithí acu. Ach na hacmhainní sin a ionchorprú in ionduchtú agus oiliúint d’fhoirne, cinnteofar ní hamháin go mbeidh siad spreagtha ach go mbeidh an t-eolas acu freisin chun dul i ngleic le castachtaí fheachtas TES.